## Cosáin Tacaíochta Breise



### Cosáin Tacaíochta Breise agus Curaclam Teanga na Bunscoile

Tá Torthaí Foghlama agus Contanaim Dul chun Cinn ghaolmhara i gCuraclam Teanga na Bunscoile. Déanann na Torthaí Foghlama i gCuraclam Teanga na Bunscoile cur síos ar an bhfoghlaim agus ar an bhforbairt a mbítear ag súil leo ó pháistí tar éis tréimhse ama. Chun cabhrú le múinteoirí úsáid a bhaint as na Torthaí Foghlama chun gníomhaíochtaí agus eispéiris a thacaíonn le foghlaim teanga na bpáistí i gcaitheamh na tréimhse sin a phleanáil agus a chur ar fáil, tugann na Contanaim Dul chun Cinn níos mó sonraí faoi ghnéithe de na Torthaí Foghlama.

Tacaíonn an curaclam le gach páiste chun dul cinn a dhéanamh agus a bheith ag obair i dtreo na dtorthaí foghlama seo ar ráta agus ar luas a oireann dá gcumas, agus go n-aithneofaí an fhoghlaim sin.

Forbraíodh na  Cosáin Tacaíochta Breise chun rochtain, deis agus dúshlán a chur ar fáil do pháistí a bhfuil míchumas foghlama acu sa raon meánach íseal go dtí dian agus trom. Dearadh na Cosáin lena n-úsáid ag leibhéal bunscoile agus iar-bhunscoile don chohórt foghlaimeoirí seo. Tacaíonn na Cosáin le leanúnachas agus le dul chun cinn do na foghlaimeoirí agus iad ag aistriú ó rang go rang agus ar aghaidh go dtí cláir iar-bhunscoile.

**Tá na Cosáin Tacaíochta Breise ag teacht leis na Cosáin Dul chun Cinn atá deartha do scoláirí a bhfuil míchumas foghlama ginearálta (MFG) acu sa raon cumais meánach íseal go dtí dian/trom atá ag glacadh páirt i gCláir Leibhéal 1 don tSraith Shóisearach. Tacaíonn Curaclam Teanga na Bunscoile/Primary Language Curriculum le múinteoirí chun úsáid a bhaint as an bhfianaise a bhailíonn siad ó chomhráite agus idirghníomhaíocht le páistí agus ó ghníomhaíochtaí teanga chun cinntí a bhfuil bonn eolais fúthu a dhéanamh i dtaca leis na chéad chéimeanna eile i bhfoghlaim teanga na bpáistí. Agus é sin ar intinn acu, is féidir le múinteoirí cinneadh a dhéanamh na Cosáin Tacaíochta Breise a úsáid do pháistí atá taobh amuigh den raon cumais meánach íseal go dtí dian/trom chomh maith lena n-úsáid do pháistí atá taobh istigh den raon. Ba chóir an cinneadh sin a dhéanamh i gcomhairle le gairmithe eile i bpobal na scoile, ba chóir go mbeadh sé ag teacht le Plean Oideachais don Dalta Aonair (IEP) an pháiste agus ba chóir athbhreithniú a dhéanamh air go rialta**

## Cosáin Tacaíochta Breise

### Cé dóibh na Cosáin Tacaíochta Breise?

Maidir le páistí a bheidh ag baint leas as na Cosáin Tacaíochta Breise, beidh Plean Oideachais don Dalta Aonair (IEP) dá gcuid féin acu mar chuid dá gComhad Tacaíochta áit a gcomhaontaíonn an múinteoir, an tuismitheoir agus an páiste spriocanna sonracha agus réalaíocha. Is duine aonair gach páiste ag a bhfuil sraith uathúil láidreachtaí ar gá iad a cheiliúradh agus a chothú. Tacaítear le páistí a bhfuil míchumas foghlama acu sa raon meánach íseal go dtí dian agus trom chun úsáid a bhaint as a gcuid scileanna agus buanna uathúla féin chun fionnachtana a dhéanamh ina ndomhan féin. Bainfidh na páistí seo tairbhe as níos mó ama chun faisnéis a phróiseáil agus chun eolas a fhoghlaimíonn siad i suíomhanna éagsúla a aistriú. Is é an chéad chéim dá múinteoirí ná a mbuanna agus a réimsí/spriocanna foghlama tosaíochta a aimsiú d'fhonn a n-aistear foghlama a phleanáil.

### Úsáid a bhaint as na Cosáin Tacaíochta Breise

Is féidir le múinteoirí úsáid a bhaint as na Cosáin Tacaíochta Breise chun cabhrú le páistí a bheith ag obair i dtreo torthaí foghlama. Is féidir le páistí a bheith ar chosáin éagsúla le haghaidh torthaí foghlama éagsúla.

Baintear úsáid as seacht dtáscaire thuairisciúla sna Cosáin Tacaíochta Breise chun cur síos a dhéanamh ar aistear foghlama na bpáistí sa chohórt seo. B'fhéidir nach leanfaidh an chaoi ina bhfoghlaimíonn an páiste gnáthchosán líneach forbartha a gcuid piaraí a fhorbraíonn ar ghnáthbhealach. Dá bhrí sin, ba chóir cur chuige solúbtha a ghlacadh i leith na Cosáin Tacaíochta Breise chun dúshlán an pháiste a thabhairt a gcumas a bhaint amach. I bhfianaise éagsúlacht riachtanais, láidreachtaí agus ábhair shuime na bpáistí sa chohórt seo, tá

## Cosáin Tacaíochta Breise

| COSÁIN TACAÍOCHTA BREISE | Gníomh an pháiste... |
|---|---|
| BLAISEADH DE | Tá an páiste i láthair i gcaitheamh gníomhaíocht foghlama. Tá sé/sí ar an airdeall agus/nó faigheann sé/sí blaiseadh den timpeallacht foghlama. Tá sé/sí ag dul i dtaithí ar an timpeallacht foghlama, cuir i gcás rudaí, daoine, fuaimeanna agus taithí chéadfach eile. |
| AIRD A THABHAIRT AIR | Tugann an páiste aird ar na gníomhaíochtaí foghlama a chuirtear ina láthair agus/nó glacann páirt iontu trí ghotha, iompar an choirp, guthaíocht, súilfhéachaint, gluaiseacht etc. a athrú. Tá sé/sí tar éis dul i dtaithí ar an timpeallacht foghlama. |
| FREAGAIRT DÓ | Taispeánann an páiste go bhfuil sé/sí in ann spéis a chur sa timpeallacht foghlama go gníomhach nó d'aon ghnó. Tosaíonn sé/sí ag cur in iúl céard is maith leis/léi, céard nach maith leis/léi nó céard is fearr leis/léi. Freagraíonn sé/sí go gníomhach do ghníomhaíocht foghlama le tacaíocht nó gan tacaíocht. |
| TÚS A CHUR LEIS | Tá an páiste fiosrach faoin timpeallacht foghlama. Lorgaíonn sé/sí, go gníomhach agus go neamhspleách, deiseanna le páirt a ghlacadh sa timpeallacht sin agus/nó dul i bhfeidhm uirthi. |
| SEALBHÚ | Taispeánann an páiste go bhfuil eolas, coincheap nó scil á foghlaim. Fiosraíonn sé/sí an fhoghlaim agus glacann páirt inti. |
| AG ÉIRÍ LÍOFA | Gluaiseann an páiste i dtreo líofachta agus cruinnis i gcomhthéacsanna foghlama a bhfuil taithí aige/aici orthu. Taispeánann sé/sí go neamhspleách agus go seasta go bhfuil sé/sí in ann cuimhneamh ar an scil/coincheap/eolas a foghlaimíodh. |
| GINEARÁLÚ | Aistríonn an páiste scileanna, eolas nó coincheapa foghlamtha chuig comhthéacsanna a bhfuil taithí aige/aici orthu agus chuig comhthéacsanna nach bhfuil, agus cuireann sé/sí i bhfeidhm iad sna comhthéacsanna sin. |